Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2021
(OR. en)

8505/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0004(NLE)**

AVIATION 113
RELEX 395
ENV 281
CLIMA 95

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 5764/18 REV6 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 5261/18 + ADD1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí maidir le hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta<br>• Glacadh |

1. An 15 Eanáir 2018, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh réime ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu.

2. Pléadh an togra ag an Meitheal um Eitlíocht an 12 Feabhra 2018, an 26 Feabhra 2018 agus an 19 Márta 2018. Chuir na toscaireachtaí a n-imní in iúl maidir leis an togra, go háirithe maidir lena raon feidhme agus lena ré, agus níl aon dul chun cinn á dhéanamh leis an bplé i ngeall ar an easpa tacaíochta chun cinneadh réime a ghlacadh.

3. I bhfianaise líon méadaitheach na dtograí ón gCoimisiún maidir le cinntí ón gComhairle chun seasamh an Aontais Eorpaigh in ICAO a bhunú agus thuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir leis an ábhar[1], thíolaic an Uachtaránacht téacs comhréitigh lena dteorannaítear raon feidhme an chinnidh go difríochtaí i sábháilteacht eitlíochta a chomhdú agus lena dteorannaítear an ré go dtí an 1 Nollaig 2022. Pléadh an téacs comhréitigh ag na cruinnithe a bhí ag comhaltaí na Meithle um Eitlíocht an 11 Márta 2021, an 22 Aibreán 2021 agus an 10 Bealtaine 2021. Chuir na toscaireachtaí a dtacaíocht fhoriomlán in iúl agus chuir siad tuairimí ar fáil maidir leis an téacs a mhol an Uachtaránacht.

4. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an cinneadh a ghlacadh mar a leagtar amach é in 8507/21 (arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe) agus an seasamh a mhol an tAontas ann a fhormhuiniú i gceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.

---

[1] 10756/20.